IGNITE-Docs

DOCUMENTARY TALENT DEVELOPMENT PROGRAMME

**Treorlínte do Chlár Forbartha Tallaine IGNITE-Docs don Scannánaíocht Faisnéise**
*Comhthionscanamh de chuid Féile Scannánaíochta Chorcaí agus Docs Éireann, Béal Feirste*

1. Tá Clár Forbartha Tallaine IGNITE-Docs don Scannánaíocht Faisnéise oscailte do scannánóirí a bhfuil a gcéad nó a ndara scannán faisnéise á fhorbairt acu. Breathnófar ar thionscadail scannánaíochta atá ag gach céim forbartha. Breathnófar ar thionscadail scannánaíochta atá i luathchéimeanna forbartha freisin.

2. Tá an scéim seo bunaithe ar thionscadail. Roghnófar suas le hocht thionscadal ar an iomlán.

3. Cuirfear scannáin faisnéise de gach séanra, téama agus ábhar san áireamh, ach tabharfar tús áite do scannáin le cur chuige cineamatach atá soiléir agus a rachadh i gcion ar lucht féachana idirnáisiúnta. Le haghaidh an chláir seo, táimid ag glacadh le tionscadail atá 60 nóiméad ar fhaid nó níos mó.

4. Glacfar le tionscadail atá á maoiniú cheana nó atá gan mhaoiniú don chlár seo.

5. Cuirfear fáilte roimh thionscadail le foirne trasteorainneacha.

6. Glacfar le hiarratais ó scannánóirí de shliocht na hÉireann/Tuaisceart na hÉireann nó atá lonnaithe iontu.

7. Glacfar le agus tugtar spregadh do thionscadail Bhéarla agus tionscadail Ghaeilge, agus iadsan atá dátheangach freisin.

8. Cuirtear fáilte roimh iarratais ó stiúrthóir/léiritheoir, stiúrthóir/scríbhneoir, comhstiúrthóir agus ó fhoirne stiúrthóra aonair. Is ceart go mbeadh creidiúint amháin ó chlár faisnéise ar a laghad a bheith ag gach ball foirne ina ról molta (gearrfhad, lárfhad, nó fadscannán).

9. Níl mic léinn lánaimseartha incháilithe don chlár traenála.

10. Déanfar iarratasóirí a mheas ar úrnuacht agus ar chruthaitheacht a gcuid tionscadail, agus ar an dea-theist atá orthu i dtaobh a gcuid cruthaitheachta go dtí seo. Déanfar gach iarracht cothromaíocht inscne agus ionadaíocht chóir thar cheann muintir na hÉireann agus Tuaisceart Éireann a chuir san áireamh sa roghnú deirneach don chlár seo.

11. Is é an spriocdáta maidir le hiarratais ná **Dé hÁoine, 19 Méan Fhómhair ag 5in.** Tá an fhoirm iarratais don chlár ar fáil ar ár suíomh gréasáin, i mBéarla agus i nGaeilge. Glacfar le hiarratais trí mhodh an fhoirm iarratais **amháin.**

12. Beidh an clár traenála ar siúl ar na dáta seo a leanas i 2025 / 26:

| DÁTA | SUÍOMH | SONRAÍ |
|---|---|---|
| Samhain 13-14 2025 | Cathair Chorcaí | Laethanta Traenála IGNITE-Docs ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Chorcaí |

| | | |
|---|---|---|
| Samhain 27-28 2025 | Ar líne | Seimineár Traenála Dhá Lae IGNITE-Docs |

| | | |
|---|---|---|
| Earrach 2026 | Ar líne | Seimineár Traenála (dátaí i mí Feabhra, Aibreán) |
| Meitheamh 12-14 2026 | Sheffield | Freastal ar Fhéile Scannánaíochta Faisnéise Sheffield |
| Meitheamh 18-20 2026 | Cathair Bhéal Feirste | Laethanta Traenála IGNITE-Docs ag Docs Éireann, maraon le freastal ar Mhargach Docs Éireann, agus cur i láthair beo os comhair lucht tionscail agus os comhair an phobail. |

13. Ba cheart go mbeadh na rannpháirtithe ar fáil chun freastal a dhéanamh ar gach seisiún oiliúna ar-líne nó duine-ar-dhuine.

14. Le linn an togra traenála cuimsitheach seo, cuirfear bunús ar fáil d'iarratasóirí ar mhaithe le gach gné dá gcuid tionscadail a fhorbairt, agus múinfear dóibh faoi mhargaí in earnáil na scannánaíochta, áit go bhfoghlaimeoidh siad eolas ar threochtaí reatha i léiriú na scannán neamhfhicsin, ar mhaithe le feasacht fhairsing a sholáthar faoin tionscal féin. Beidh ceardlainn, máistir-ranganna agus comhráite le scannánóirí, craoltóirí, maoinitheoirí, gníomhairí díolacháin agus gairmithe eile atá sean-bhunaithe san earnáil á reáchtáil freisin. Tarlóidh an traenáil ar fád i dtimpeallacht dlúthphearsanta, ina mbeadh cur chuige teagmhálach i gceist; ar mhaithe leis an gcumas foghlama is fairsinge a chur ar fáil, maraon le deiseanna chun ceangail agus caidrimh nua a fhorbairt chomh maith.

15. Cuirfear lóistín agus lón ar fáil do bheirt iarratasóir as gach tionscadal (stiúrthóir agus léiritheoir) ag na laethanta traenála a bheidh ar siúl ag Féile Scannáníochta Idirnáisiúnta Chorcaí agus ag Docs Éireann. Tabharfar creidiúnú ag an dá fhéile d'iarratasóirí freisin.
16. Cuirfear lóistín ar fáil do bheirt rannpháirtithe ó gach tionscadal ag Sheffield Doc Fest. Cuirfear creidiúnú dea-mhéine don fhéile san áireamh.

17. Má roghnaítear do thionscadal le bheith rannpháirteach i gClár IGNITE-Docs, tá táille rannpháirtíochta **de chuid €100** le híoc ag gach tionscadal.

18. Bheimis an-bhuíoch dá líonfadh sibh an Fhoirm Éagsúlachta ar son beirt de chuid d'fhoireann chruthaitheachta (an stiúrthóir agus an léiritheoir). Déantar anaithnidiú ar na foirmeacha, agus úsáidtear iad le haghaidh monatóireacht éagsúlachta atá mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Scannánaíochta Chorcaí agus Docs Éireann. Tá an fhoirm ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

19. Tá an t-eolas uile a chuireann iarratasóirí ar fáil faoi rún agus stórálta ar bhealach slán i gcomhréir le rialacháin maidir le Cosaint Sonraí. Ní thugtar an t-eolas seo d'aon triú páirtí.

Má tá ceisteanna agat maidir le Clár IGNITE-Docs, is féidir libh dul i dteagmháil linn ag: ignite@corkfilmfest.org